



Preaseisiúint

Lucsamburg, 21 Feabhra 2022

Níl na tairbhí a ghabhann le mhargadh aonair an Aontais Eorpaigh do chistí infheistíochta bainte amach mórán fós

Tá creat curtha i bhfeidhm ag an Aontas Eorpach chun margadh aonair do chistí infheistíochta a bhunú thar theorainneacha an Aontais, agus chun a áirithiú go ndéantar infheistíochtaí shaoránaigh an Aontais a chosaint. Ach níl gach ceann de na spriocanna uailmhianacha bainte amach, a deir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i dtuarascáil speisialta a foilsíodh inniu agus tá neart tairbhí ionchasacha gan saothrú fós. Maidir leis an gcuspóir go mbeadh fíormhargadh aonair do chistí infheistíochta ann, níl sé sin comhlíonta agus tá gníomhaíochtaí trasteorann annamh fós. Ní dhéantar maoirseacht ar chistí go comhsheasmhach sna Ballstát uile go fóill, tá cosaint d'infheisteoirí fós lag, agus ní dhéantar faireacháin leormhaith ar rioscaí sistéamacha.

Tá ról ríthábhachtach ag cistí infheistíochta in Aontas Eorpach na Margaí Caipitil, lena gcuidítear le hinfeisteoirí a gcaipiteal a leithdháileadh go héifeachtúil. In 2020, bhí beagnach €19 dtrilliún i sócmhainní ina seilbh ag cistí infheistíochta ar fud an Aontais. Tá beagnach 70 % de mhargadh cistí an Aontais comhchruinnithe go fóill i gceithre Bhallstát: Lucsamburg, Éire, an Ghearmáin agus an Fhrainc. Chun tionscal cistí infheistíochta atá sláintiúil agus táirgiúil a chur chun cinn agus chun infheisteoirí a chosaint, tá gníomhaíocht déanta ag an Aontas, agus creat rialála bunaithe aige, do chistí infheistíochta chun a áirithiú go gcuirtear rialacha comhchosúla i bhfeidhm ar fud an mhargaidh aonair.

“Bhíothas ag súil leis go gcuirfeadh margadh cistí infheistíochta a bhí níos comhtháite foinsí maoinithe níos éagsúla ar fáil do ghnólaigh an Aontais, agus go dtabharfaí cosaint níos fearr agus rogha níos leithne d'infheisteoirí”, a dúirt Rimantas Šadžius, an comhalta den Chúirt Iniúchóirí a bhí i gceannas ar an iniúchadh. “Tá constaicí trasteorann fós ann, áfach, tá éagsúlachtaí móra idir caighdeáin mhaoirseachta ar fud an Aontais agus níor baineadh amach gach ceann de na gnóthachain ionchasacha.”

Fuair na hiniúchóirí amach go bhfuil roinnt laigí leanúnacha fós ag cur bac ar thairbhí a bhaineann le timpeallacht infheistíochta an Aontais. Is annamh a bhíonn fíorghníomhaíocht infheistíochta trasteorann ann: i bhformhór thíortha an Aontais, dáiltear cistí infheistíochta ar an margadh baile den chuid is mó. Fuarthas amach freisin nár tháinig go leor de na gnóthachain ionchasacha d'infheisteoirí, amhail táillí níos ísle agus rogha níos mó d'infheisteoirí, chun cinn go fóill. Tá costais arda ann i gcónaí agus tá difríochtaí móra idir na costais sin ó Bhallstát go chéile. Is ann i gcónaí do bhacainní ar dhul isteach sa mhargadh, rud a chiallaíonn nach bhfuil cothrom

Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

iomaíochta ann go fóill. Tugann na hiniúcháirí dá n-aire freisin nach féidir le dlí an Aontais aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna áirithe a dhéanann difear don mhargadh, amhail cánachas, éileamh áitiúil agus an chaoi a dtograíonn bainisteoirí sócmhainní a gcistí infheistíochta a dháileadh.

Deir na hiniúcháirí gur chuidigh gníomhaíochtaí AE le trédhearcacht na gcistí infheistíochta a mhéadú. Tá infheisteoirí níos eolaí ná mar a bhídís faoi na rioscaí, feidhmíocht agus costais infheistíochtaí. Ach tá sé an-deacair fós d’infheisteoirí cistí a chur i gcomparáid le chéile ar fud an Aontais. Agus níl cosaint leormhaith fós ag infheisteoirí ar fhadhbanna éagsúla: costais nach rabhadar ag súil leo a eascraíonn ó chleachtais theimhneacha díolacháin, mar shampla, nó comhairle chlaonta ó idirghabhálaithe airgeadais a chuireann i dtreo táirgí nach bhfuil oiriúnach dá riachtanais iad. Is fadhb é “glas-snasú” sa chomhthéacs seo: tugann na hiniúcháirí dá n-aire go bhfuil an lipéad “ESG” le haghaidh cistí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na sochaí de neamhrialáilte faoi láthair, agus gur dóigh go mbainfear mí-úsáid as le go ndíoltar táirgí nach gcomhlíonann ardchaighdeáin eiticiúla.

Ina theannta sin, d’aimsigh na hiniúcháirí saincheistanna maidir le comhsheasmhacht agus éifeachtacht na maoirseachta ar chistí. Rinne an ghníomhaireacht AE atá freagrach (ESMA) an-iarracht cóineasú maoirseachta a chur chun cinn, rud ba chúis le feabhas beag ar cháilíocht na maoirseachta agus laghdú ar éagsúlachtaí. Ach ós rud é go bhfuil an ghníomhaireacht sin ag brath ar dhea-thoil na maoirseoirí náisiúnta agus ar thoilteanas a Bhoird Maoirseoirí féin chun faisnéis a fháil, is beag eolas atá aici ar cé acu atá nó nach bhfuil leibhéal coibhéiseach maoirseachta á dhéanamh ar fud na mBallstát, agus ní féidir léi a mheas an bhfuil dul chun cinn déanta i dtreo cóineasú maoirseachta.

Ardaítear ceistanna san iniúchadh freisin maidir le chur chuige reachtach an Choimisiúin a bheith cuí don chuspóir: is éard atá sa reachtaíocht lena rialaítear rialáil trasteorann na gcistí infheistíochta ná Treoracha den chuid is mó; sin dlíthe a cheanglaíonn ar na Ballstáit a leaganacha féin de na rialacha a chur chun feidhme de réir a léirthisceana féin agus bunaithe ar a n-imthosca féin. Fágann an cleachtas sin go bhfuil difríochtaí suntasacha rialála idir na Ballstáit.

Déanann na hiniúcháirí roinnt moltaí chun an staid a fheabhsú. Ach tugann siad foláireamh nach mbeidh mion-athbhreithnithe ar an gcreat dlíthiúil leordhóthanach chun fíormhargadh aonair a bhaint amach.

Faisnéis chúlra

In 1985, thug an tAontas Eorpach bearta isteach chun deireadh a chur le bacainní ar fheidhmiú cistí infheistíochta thar theorainneacha inmheánacha an Aontais. Ó shin i leith, tá cistí agus bainisteoirí cistí a bhfuil sainchónaí orthu i dtír amháin san Aontas in ann a gcistí a mhargú le hinfeisteoirí miondíola ar fud an Aontais, agus é sin faoi mhairseacht na n-údarás sa tír ina bhfuil sainchónaí orthu, agus faoina maoirseacht siúd amháin. In 2011, leis an Treoir maidir le Cistí Infheistíochta Malartacha, bhíothas in ann cistí speisialta a mhargú freisin le hinfeisteoirí gairmiúla ar fud an Aontais. Sa bhliain chéanna, bhunaigh an tAontas Eorpach gníomhaireacht, an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, atá dírithe ar chosaint infheisteoirí a fheabhsú agus ar na margaí airgeadais a réachtáil go rianúil.

Tá Tuarascáil speisialta 04/2022, "*Cistí infheistíochta: Níl fíormhargadh aonair cruthaithe ag gníomhaíochtaí an Aontais fós a théann chun tairbhe d’infheisteoirí*", ar fáil anois ar shuíomh gréasáin na Cúirte (eca.europa.eu). Tá sé beartaithe go gcuirfidh an t-iniúchadh le héifeachtacht agus éifeachtúlacht na maoirseachta airgeadais agus le cosaint infheisteoirí a mhéadú laistigh den Aontas.

Cuireann Cúirt Iniúcháirí na hEorpa a tuarascálacha speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais Eorpaigh, chomh maith le páirtithe leasmhara eile amhail parlaimintí náisiúnta, geallsealbhóirí tionscail agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Cuirtear tromlach mór na moltaí a dhéantar sna tuarascálacha i bhfeidhm.

Teagmháil phreasa

Preasoifig Chúirt Iniúcháirí na hEorpa: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeois: vincent.bourgeois@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 553 547